Comhairle an Aontais Eorpaigh

An Bhruiséil, 20 Feabhra 2026
(OR. en)

6535/26
ADD 1

**Comhad Idirinstitiúideach:**
**2026/0045 (COD)**

CODIF 8
CODEC 271
EF 41
ECOFIN 233

**NÓTA CLÚDAIGH**

| | |
|---|---|
| ó: | Ardrúnaí an Choimisiúin Eorpaigh, arna s(h)íniú ag Martine DEPREZ, Stiúrthóir |
| dáta a fuarthas: | 18 Feabhra 2026 |
| chuig: | Thérèse BLANCHET, Ardrúnaí Chomhairle an Aontais Eorpaigh |
| Ábhar: | IARSCRÍBHINNÍ<br>a ghabhann le<br>Togra le haghaidh<br>TREOIR Ó PHARLAIMINT NA hEORPA AGUS ÓN gCOMHAIRLE maidir le maoirseacht fhorlíontach ar institiúidí creidmheasa, ar ghnóthais árachais nó athárachais, ar ghnólachtaí infheistíochta, ar chuideachtaí bainistíochta sócmhainní agus ar bhainisteoirí cistí infheistíochta malartacha in ilchuideachta airgeadais (códú) |

Gheobhaidh na toscaireachtaí i gceangal leis seo doiciméad COM(2026) 74 final (annexes 1 to 4).

---

Faoi iamh.: COM(2026) 74 final (annexes 1 to 4)

AN COIMISIÚN
EORPACH

An Bhruiséil, 17.2.2026
COM(2026) 74 final

ANNEXES 1 to 4

**IARSCRÍBHINNÍ**

**a ghabhann le**

**Togra le haghaidh**

**TREOIR Ó PHARLAIMINT NA hEORPA AGUS ÓN gCOMHAIRLE**

**maidir le maoirseacht fhorlíontach ar institiúidí creidmheasa, ar ghnóthais árachais nó athárachais, ar ghnólachtaí infheistíochta, ar chuideachtaí bainistíochta sócmhainní agus ar bhainisteoirí cistí infheistíochta malartacha in ilchuideachta airgeadais (códú)**

↓ 2002/87/CE (oiriúnaithe)

# IARSCRÍBHINN I

## LEORDHÓTHANACHT CAIPITIL

Déanfar ríomh cheanglais fhorlíontacha leordhóthanachta caipitil na n-eintiteas rialáilte in ilchuideachta airgeadais dá dtagraítear in Airteagal 6(1) i gcomhréir leis na prionsabail theicniúla agus le ceann de na modhanna a thuairiscítear san Iarscríbhinn seo.

Gan dochar d'fhorálacha na chéad mhíre eile, ceadóidh na Ballstáit dá n-údaráis inniúla, i gcás ina nglacfaidh siad ról an chomhordaitheora maidir le hilchuideachta airgeadais ar leith, a chinneadh, tar éis dóibh dul i gcomhairle leis na húdaráis inniúla ábhartha eile agus leis an ilchuideachta féin, cén modh a chuirfidh an ilchuideachta airgeadais sin i bhfeidhm.

Féadfaidh na Ballstáit a cheangal go ndéanfar an ríomh de réir modh amháin ar leith as ⌦ measc ⌫ na modhanna ar a dtugtar tuairisc san Iarscríbhinn seo más rud é go bhfuil eintiteas rialáilte atá údaraithe sa Bhallstát sin i gceannas ar ilchuideachta airgeadais. I gcás nach bhfuil eintiteas rialáilte i gceannas ar ilchuideachta airgeadais de réir bhrí Airteagal 1, údaróidh na Ballstáit cur i bhfeidhm aon cheann de na modhanna a thuairiscítear san Iarscríbhinn seo, ach amháin i gcásanna ina bhfuil na húdaráis inniúla ábhartha lonnaithe sa Bhallstát céanna, agus sa chás sin féadfaidh an Ballstát sin a éileamh go gcuirfear ceann de na modhanna ⌦ sin ⌫ i bhfeidhm.

### I. Prionsabail theicniúla

*1. Méid agus foirm ríomh na gceanglas forlíontach maidir le leordhóthanacht caipitil*

Cibé modh a úsáidtear, i gcás inar foghnóthas é an t-eintiteas agus ina bhfuil easnamh sócmhainneachta aige, nó, i gcás eintiteas earnála airgeadais neamhrialáilte, easnamh sócmhainneachta barúlach, ⌦ cuirfear ⌫ easnamh sócmhainneachta iomlán na fochuideachta san áireamh. Más rud é, sa chás sin, i dtuairim an chomhordaitheora, go bhfuil freagracht an mháthairghnóthais ar leis sciar den chaipiteal teoranta go docht agus gan débhrí don sciar sin den chaipiteal, féadfaidh an comhordaitheoir cead a thabhairt easnamh sócmhainneachta an fhoghnóthais a chur san áireamh ar bhonn comhréireach.

I gcás nach bhfuil aon nasc caipitil idir eintitis in ilchuideachta airgeadais, cinnfidh an comhordaitheoir, tar éis dul i gcomhairle leis na húdaráis inniúla ábhartha eile, cén sciar comhréireach ⌦ a chuirfear ⌫ san áireamh, agus aird á tabhairt ar an dliteanas as a n-eascraíonn an caidreamh atá ann cheana.

*2. Prionsabail theicniúla eile*

Gan beann ar an modh a úsáidtear chun na ceanglais maidir le leordhóthanacht caipitil fhorlíontaigh eintiteas rialáilte in ilchuideachta airgeadais a ríomh mar a leagtar síos i Roinn II den Iarscríbhinn seo, áiritheoidh an comhordaitheoir, agus i gcás inar gá údaráis inniúla eile lena mbaineann, go ⌦ mbeidh feidhm ⌫ ag na prionsabail seo a leanas:

(i) ní mór deireadh a chur le hilúsáidí eilimintí atá incháilithe chun cistí dílse a ríomh ar leibhéal na hilchuideachta airgeadais (ilghiaráil) chomh maith le haon chruthú míchuí cistí dílse inghrúpa; chun a áirithiú go gcuirfear deireadh le giaráil iolrach agus le cruthú cistí dílse inghrúpa, cuirfidh na húdaráis inniúla na prionsabail ábhartha a leagtar síos sna rialacha earnálacha ábhartha i bhfeidhm de réir analaí;

(ii) go dtí go ndéanfar rialacha earnála a chomhchuibhiú a thuilleadh, cumhdófar na ceanglais sócmhainneachta le haghaidh gach earnála airgeadais éagsúil a bhfuil

ionadaíocht acu in ilchuideachta airgeadais le eilimintí cistí dílse i gcomhréir leis na rialacha earnála comhfhreagracha; i gcás ina mbeidh easnamh cistí dílse ar leibhéal na hilchuideachta airgeadais, ní cháileoidh ach eilimintí cistí dílse atá incháilithe de réir gach ceann de na rialacha earnála (caipiteal tras-earnála) d'fhíorú go gcomhlíontar na ceanglais sócmhainneachta bhreise.

Igcás ina bhforáiltear le rialacha earnála do theorainneacha ar incháilitheacht ionstraimí áirithe cistí dílse, a cháileodh mar chaipiteal trasearnála, ⌦ beidh ⌫ feidhm mutatis mutandis ag na teorainneacha ⌦ sin ⌫ agus cistí dílse á ríomh ar leibhéal na hilchuideachta airgeadais.

Agus cistí dílse á ríomh ar leibhéal na hilchuideachta airgeadais, cuirfidh na húdaráis inniúla san áireamh freisin éifeachtacht inaistritheacht agus infhaighteacht na gcistí dílse ar fud na n-eintiteas dlíthiúil éagsúil sa ghrúpa, i bhfianaise chuspóirí na rialacha leordhóthanachta caipitil.

I gcás eintiteas earnála airgeadais neamhrialáilte, ina ríomhtar ceanglas barúlach sócmhainneachta i gcomhréir le Roinn II den Iarscríbhinn seo, ⌦ ciallóidh ⌫ ceanglas barúlach sócmhainneachta an ceanglas caipitil a bheadh ar an eintiteas sin a chomhlíonadh faoi na rialacha earnálacha ábhartha amhail is dá mba eintiteas rialáilte den earnáil airgeadais áirithe sin é; i gcás cuideachtaí bainistíochta sócmhainní, ⌦ ciallóidh ⌫ ceanglas sócmhainneachta an ceanglas caipitil ⌦ a leagtar síos ⌫ in Airteagal 7(1)(a) de Threoir 2009/65/CE; ríomhfar ceanglas sócmhainneachta barúlach cuideachta sealbhaíochta airgeadais measctha de réir rialacha earnála na hearnála airgeadais is tábhachtaí san ilchuideachta airgeadais.

## II. Modhanna ríomha teicniúla

*Modh 1: An modh 'comhdhlúthaithe cuntasaíochta'*

Déanfar ríomh na gceanglas maidir le leordhóthanacht caipitil na n-eintiteas rialáilte in ilchuideachta airgeadais ar bhonn na gcuntas comhdhlúite.

Déanfar na ceanglais maidir le leordhóthanacht caipitil fhorlíontaigh a ríomh mar an difríocht idir:

(i) cistí dílse na hilchuideachta airgeadais arna ríomh ar bhonn shuíomh comhdhlúite an ghrúpa; is ⌦ éard a bheidh sna ⌫ heilimintí incháilithe na heilimintí sin a cháilíonn i gcomhréir leis na rialacha ábhartha earnála;

agus

(ii) suim na gceanglas sócmhainneachta le haghaidh gach earnála airgeadais éagsúil a bhfuil ionadaíocht acu sa ghrúpa; ⌦ déanfar ⌫ na ceanglais sócmhainneachta do gach earnáil airgeadais éagsúil a ríomh i gcomhréir leis na rialacha earnála comhfhreagracha.

Is iad na rialacha earnála dá dtagraítear go háirithe Rialachán (AE) Uimh. 575/2013, Cuid a hAon, Teideal II, Caibidil 2, Roinn 2, a mhéid a bhaineann le hinstitiúidí creidmheasa, Treoir 2009/138/CE a mhéid a bhaineann le gnóthais árachais, agus Treoir 2013/36/AE a mhéid a bhaineann le hinstitiúidí creidmheasa agus gnólachtaí infheistíochta.

I gcás eintitis earnála airgeadais neamhrialáilte nach n-áirítear sna ríomhanna ceanglas sócmhainneachta earnála réamhluaite ⌦ dá dtagraítear sa dara fomhír ⌫, ríomhfar ceanglas sócmhainneachta barúlach.

Ní bheidh an difríocht diúltach.

*Modh 2: An modh 'asbhainte agus comhiomlánaithe'*

Déanfar ríomh na gceanglas maidir le leordhóthanacht caipitil fhorlíontaigh na n-eintiteas rialáilte in ilchuideachta airgeadais ar bhonn chuntais gach ceann de na heintitis sa ghrúpa.

Déanfar na ceanglais maidir le leordhóthanacht caipitil fhorlíontaigh a ríomh mar an difríocht idir:

(i) suim cistí dílse gach eintitis earnála airgeadais rialáilte agus neamhrialáilte san ilchuideachta airgeadais; is ⌦ éard a bheidh sna ⌫ na gnéithe atá incháilithe na heilimintí sin atá incháilithe i gcomhréir leis na rialacha ábhartha earnála;

agus

(ii) suim na nithe seo a leanas:

- na ceanglais sócmhainneachta le haghaidh gach eintitis earnála airgeadais rialáilte agus neamhrialáilte sa ghrúpa; déanfar na ceanglais sócmhainneachta a ríomh i gcomhréir leis na rialacha earnála ábhartha, agus
- luach de réir na leabhar na rannpháirtíochtaí in eintitis eile den ghrúpa.

I gcás eintitis earnála airgeadais neamhrialáilte, ríomhfar ceanglas barúlach sócmhainneachta. Cuirfear cistí dílse agus ceanglais sócmhainneachta san áireamh dá sciar comhréireach dá bhforáiltear in Airteagal 6(4) agus i gcomhréir le Roinn I den Iarscríbhinn seo.

Ní bheidh an difríocht diúltach.

---

↓ 2011/89/AE Airt. 2, pt. 24 agus Iarscríbhinn II (oiriúnaithe)

*Modh 3: 'An modh comhcheangail'*

Féadfaidh na húdaráis inniúla meascán de ⌦ mhodhanna ⌫ 1 agus 2 a cheadú.

# IARSCRÍBHINN II

## CUR I bhFEIDHM TEICNIÚIL NA bhFORÁLACHA MAIDIR LE hIDIRBHEARTA INGHRÚPA AGUS COMHCHRUINNIÚ RIOSCA

Sainaithneoidh an comhordaitheoir, tar éis dul i gcomhairle leis na húdaráis inniúla ábhartha eile, cineál na n-idirbheart agus na rioscaí ⌦ a ⌫ dhéanfaidh na heintitis rialáilte in ilchuideachta airgeadais ar leith a thuairisciú i gcomhréir le Airteagail 7(2) agus 8(2) maidir le tuairisciú idirbheart inghrúpa agus comhchruinniú riosca. Agus a dtuairim á sainiú nó á tabhairt acu maidir le cineál na n-idirbheart agus na rioscaí, cuirfidh an comhordaitheoir agus na húdaráis inniúla ábhartha grúpa sonrach agus struchtúr bainistíochta riosca na hilchuideachta airgeadais san áireamh. Chun idirbhearta inghrúpa suntasacha agus comhchruinniú riosca suntasach a bheidh le tuairisciú i gcomhréir le Airteagail 7 agus 8 a shainaithint, saineoidh an comhordaitheoir, tar éis dul i gcomhairle leis na húdaráis inniúla ábhartha eile agus leis an ilchuideachta féin, tairseacha iomchuí bunaithe ar chistí dílse rialála agus/nó ar fhorálacha teicniúla.

Agus forléargas á thabhairt ar na hidirbhearta inghrúpa agus ar na comhchruinnithe riosca, déanfaidh an comhordaitheoir faireachán go háirithe ar an riosca tógálachta a d'fhéadfadh a bheith ann san ilchuideachta airgeadais, ar an riosca coinbhleachta leasa, ar an riosca go rachfaí timpeall ar rialacha earnála, agus ar leibhéal nó méid na rioscaí.

Féadfaidh na Ballstáit cead a thabhairt dá n-údaráis inniúla forálacha na rialacha earnála maidir le hidirbhearta inghrúpa agus comhchruinniú riosca a chur i bhfeidhm ar leibhéal na hilchuideachta airgeadais, go háirithe chun nach rachfar timpeall ar na rialacha earnála.

## IARSCRÍBHINN III

### Cuid A

**Treoir Aisghairthe agus liosta de na leasuithe comhleanúnacha a rinneadh uirthi**
(dá dtagraítear in Airteagal 32)

| | |
|---|---|
| Treoir 2002/87/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle (IO L 35, 11.2.2003, lch. 1, ELI: http://data.europa.eu/eli/dir/2002/87/oj) | |
| Treoir 2005/1/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle (IO L 79, 24.3.2005, lch. 9, ELI: http://data.europa.eu/eli/dir/2005/1/oj) | Airteagal 11 amháin |
| Treoir 2008/25/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle (IO L 081, 20.3.2008, lch. 40, ELI: http://data.europa.eu/eli/dir/2008/25/oj) | |
| Treoir 2010/78/AE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle (IO L 331, 15.12.2010, lch. 120, ELI: http://data.europa.eu/eli/dir/2010/78/oj) | Airteagal 2 amháin |
| Treoir 2011/89/AE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle (IO L 326, 8.12.2011, lch. 113, ELI: http://data.europa.eu/eli/dir/2011/89/oj) | Airteagal 2 amháin |
| Treoir 2013/36/AE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle (IO L 176, 27.6.2013, lch. 338, ELI: http://data.europa.eu/eli/dir/2013/36/oj) | Airteagal 150 amháin |
| Treoir (AE) 2019/2034 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle (IO L 314, 5.12.2019, lch. 64, ELI: http://data.europa.eu/eli/dir/2019/2034/oj) | Airteagal 59 amháin |
| Treoir (AE) 2023/2864 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle (IO L 2023/2864.20.12.2023, ELI: http://data.europa.eu/eli/dir/2023/2864/oj) | Airteagal 1 amháin |
| Treoir (AE) 2025/2 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle (IO L, 2025/2, 8.1.2025, ELI: http://data.europa.eu/eli/dir/2025/2/oj) | Airteagal 3 amháin |

## Cuid B

**Teorainneacha ama don trasuí sa dlí náisiúnta agus dátaí cur i bhfeidhm**
(dá dtagraítear in Airteagal 32)

| Treoir | Teorainn ama don trasuí | Dáta cur i bhfeidhm |
|---|---|---|
| 2002/87/CE | An 11 Lúnasa 2004 | |
| 2005/1/CE | An 13 Bealtaine 2005 | |
| 2010/78/AE | An 31 Nollaig 2011 a mhéid a bhaineann le hAirteagal 2, pointe (1)(a), Airteagal 2, pointí (2), (5), (7) agus (9), agus Airteagal 2, pointe (11)(b) | |
| 2011/89/AE | An 10 Meitheamh 2013 a mhéid a bhaineann le hAirteagal 2, cé is moite d'Airteagal 2, pointe (23), chomh maith le hAirteagal 2, pointe (1), agus Airteagal 2, pointe (2)(a), a mhéid a leasaíodh leis na forálacha sin Airteagal 1, Airteagal 2, an chéad fhomhír, pointí (4), (5a) agus (16),agus Airteagal 3(2) de Threoir 2002/87/CE maidir le bainisteoirí cistí infheistíochta malartacha<br>An 22 Iúil 2013 a mhéid a bhaineann le hAirteagal 2, pointe (23), chomh maith le hAirteagal 2, pointe (1), agus Airteagal 2, pointe (2)(a), a mhéid a leasaíodh leis na forálacha sin Airteagal 1, Airteagal 2, an chéad fhomhír, pointí (4), (5a) agus (16), agus Airteagal 3(2) de Threoir 2002/87/CE maidir le bainisteoirí cistí infheistíochta malartacha | |
| 2013/36/AE | An 31 Nollaig 2013 | an 31 Nollaig 2013 a mhéid a bhaineann le hAirteagal 150 |
| (AE) 2019/2034 | An 26 Meitheamh 2021 | an 26 Meitheamh 2021 a mhéid a bhaineann le hAirteagal 59 |
| (AE) 2023/2864 | An 10 Eanáir 2026 | |
| (AE) 2025/2 | An 29 Eanáir 2027 | An 30 Eanáir 2027 |

_____________

## IARSCRÍBHINN IV

**TÁBLA COMHGHAOIL**

| Treoir 2002/87/CE | An Treoir seo |
|---|---|
| Airteagal 1, an chéad mhír | Airteagal 1 |
| Airteagal 1, an dara mír | – |
| Airteagal 2, an chéad mhír, an fhoclaíocht tosaigh | Airteagal 2, an chéad mhír, an fhoclaíocht tosaigh |
| Airteagal 2, an chéad mhír, pointí (1) go (5) | Airteagal 2, an chéad mhír, pointí (1) go (5) |
| Airteagal 2, an chéad mhír, pointe (5a) | Airteagal 2, an chéad mhír, pointe (6) |
| Airteagal 2, an chéad mhír, pointe (6) | Airteagal 2, an chéad mhír, pointe (7) |
| Airteagal 2, an chéad mhír, pointe (7) | Airteagal 2, an chéad mhír, pointe (8) |
| Airteagal 2, an chéad mhír, pointe (8) | Airteagal 2, an chéad mhír, pointe (9) |
| Airteagal 2, an chéad mhír, pointe (9) | Airteagal 2, an chéad mhír, pointe (10) |
| Airteagal 2, an chéad mhír, pointe (10) | Airteagal 2, an chéad mhír, pointe (11) |
| Airteagal 2, an chéad mhír, pointe (11) | Airteagal 2, an chéad mhír, pointe (12) |
| Airteagal 2, an chéad mhír, pointe (12) | Airteagal 2, an chéad mhír, pointe (13) |
| Airteagal 2, an chéad mhír, pointe (12a) | Airteagal 2, an chéad mhír, pointe (14) |
| Airteagal 2, an chéad mhír, pointe (13) | Airteagal 2, an chéad mhír, pointe (15) |
| Airteagal 2, an chéad mhír, pointe (14) | Airteagal 2, an chéad mhír, pointe (16) |
| Airteagal 2, an chéad mhír, pointe (15) | Airteagal 2, an chéad mhír, pointe (17) |
| Airteagal 2, an chéad mhír, pointe (16) | Airteagal 2, an chéad mhír, pointe (18) |
| Airteagal 2, an chéad mhír, pointe (17) | Airteagal 2, an chéad mhír, pointe (19) |
| Airteagal 2, an chéad mhír, pointe (18) | Airteagal 2, an chéad mhír, pointe (20) |
| Airteagal 2, an chéad mhír, pointe (19) | Airteagal 2, an chéad mhír, pointe (21) |
| Airteagal 2, an dara mhír | Airteagal 2, an dara mhír |
| Airteagal 3(1), (2) agus (3) | Airteagal 3(1), (2) agus (3) |
| Airteagal 3(3a) | Airteagal 3(4) |

| | |
|---|---|
| Airteagal 3(4) | Airteagal 3(5) |
| Airteagal 3(5) | Airteagal 3(6) |
| Airteagal 3(6) | Airteagal 3(7) |
| Airteagal 3(7) | Airteagal 3(8) |
| Airteagal 3(8) | Airteagal 3(9) |
| Airteagal 3(9) | Airteagal 3(10) |
| Airteagal 4(1), an chéad fhomhír | Airteagal 4(1), an chéad fhomhír |
| Airteagal 4(1), an dara fomhír, an fhoclaíocht tosaigh | Airteagal 4(1), an dara fomhír, an fhoclaíocht tosaigh |
| Airteagal 4(1), an dara fomhír, an chéad fhleasc | Airteagal 4(1), an dara fomhír, pointe (a) |
| Airteagal 4(1), an dara fomhír, an dara fleasc | Airteagal 4(1), an dara fomhír, pointe (b) |
| Airteagail 4(2) agus (3) | Airteagail 4(2) agus (3) |
| Airteagail 5 go 8 | Airteagail 5 go 9 |
| Airteagal 9(1) | Airteagal 9(1) |
| Airteagal 9(2), an fhoclaíocht tosaigh | Airteagal 9(2), an chéad fhomhír, an fhoclaíocht tosaigh |
| Airteagal 9(2), pointí (a), (b) agus (c) | Airteagal 9(2), an chéad fhomhír, pointí (a), (b) agus (c) |
| Airteagal 9(2), pointe (d), an chéad abairt | Airteagal 9(2), an chéad fhomhír, pointe (d) |
| Airteagal 9(2), pointe (d), an dara abairt | Airteagal 9(2), an dara fomhír |
| Airteagal 9(3) go (6) | Airteagal 9(3) go (6) |
| Airteagal 9a | Airteagal 10 |
| Airteagal 9b | Airteagal 11 |
| Airteagal 10 | Airteagal 12 |
| Airteagal 11 | Airteagal 13 |
| Airteagal 12 | Airteagal 14 |
| Airteagal 12a | Airteagal 15 |
| Airteagal 12b | Airteagal 16 |

| | |
|---|---|
| Airteagal 13 | Airteagal 17 |
| Airteagal 14 | Airteagal 18 |
| Airteagal 15 | Airteagal 19 |
| Airteagal 16, an chéad mhír, an fhoclaíocht tosaigh | Airteagal 20, an chéad mhír, an fhoclaíocht tosaigh |
| Airteagal 16, an chéad mhír, an chéad fhleasc | Airteagal 20, an chéad mhír, pointe (a) |
| Airteagal 16, an chéad mhír, an dara fleasc | Airteagal 20, an chéad mhír, pointe (b) |
| Airteagal 16, an dara agus an tríú mír | Airteagal 20, an dara agus an tríú mír |
| Airteagal 17 | Airteagal 21 |
| Airteagal 18(1) | Airteagal 22(1) |
| Airteagal 18(1a) | Airteagal 22(2) |
| Airteagal 18(2) | Airteagal 22(3) |
| Airteagal 18(3) | Airteagal 22(4) |
| Airteagal 19 | Airteagal 23 |
| Airteagal 20 | Airteagal 24 |
| Airteagal 21(1) | Airteagal 25(1) |
| Airteagal 21(4) | Airteagal 25(2) |
| Airteagal 21(6) | Airteagal 25(3) |
| Airteagal 21a(1) | Airteagal 26(1) |
| Airteagal 21a(1a), an chéad fhomhír | Airteagal 26(2), an chéad fhomhír |
| Airteagal 21a(1a), an dara fomhír | – |
| Airteagal 21a(1a), an tríú fomhír | Airteagal 26(2), an dara fomhír |
| Airteagal 21a(2), an chéad fhomhír, an fhoclaíocht tosaigh | Airteagal 26(3), an chéad fhomhír, an fhoclaíocht tosaigh |
| Airteagal 21a(2), an chéad fhomhír, pointe (b) | Airteagal 26(3), an chéad fhomhír, pointe (a) |
| Airteagal 21a(2), an chéad fhomhír, pointe (c) | Airteagal 26(3), an chéad fhomhír, pointe (b) |
| Airteagal 21a(2), an dara fomhír | Airteagal 26(3), an dara fomhír |
| Airteagal 21a(3), an chéad fhomhír | Airteagal 26(4), an chéad fhomhír |

| | |
|---|---|
| Airteagal 21a(3), an dara fomhír | – |
| Airteagal 21a(3), an triú fomhír | Airteagal 26(4), an dara fomhír |
| Airteagal 21b | Airteagal 27 |
| Airteagal 21c(1), (2) agus (3) | Airteagal 28(1), (2) agus (3) |
| – | Airteagal 28(4) |
| Airteagal 21c(4) | Airteagal 28(5) |
| Airteagal 21c(5) | Airteagal 28(6) |
| Airteagal 23 | – |
| Airteagail 25, 26 agus 27 | – |
| Airteagal 29 | – |
| Airteagal 30, an chéad mhír | Airteagal 29(1) |
| Airteagal 30, an dara agus an tríú mír | Airteagal 29(2) |
| Airteagal 30a | Airteagal 30 |
| Airteagal 30b | Airteagal 31 |
| Airteagal 31(1) agus (2) | – |
| Airteagal 31(3) | Airteagal 32 |
| Airteagal 32 | – |
| – | Airteagal 33 |
| Airteagal 33 | Airteagal 34 |
| Airteagal 34 | Airteagal 35 |
| Iarscríbhinn I | Iarscríbhinn I |
| Iarscríbhinn II | Iarscríbhinn II |
| – | Iarscríbhinn III |
| – | Iarscríbhinn IV |